

Scoil Cholm Cille na Tulaí

Fil Uí Dhubhghaill (Príomhoide)

Taca an ama seo anuraidh bhí muid ag fáil faoi réir le haghaidh oscailt oifigiúil na seomraí breise a cuireadh leis an scoil. Nach orainn a bhí an t-ádh gur éirigh linn an obair seo a dhéanamh roimh na gcorraithe ar fad! Bhí an-lá againn ar an 7ú lá de Mhí na Nollag, 2007 nuair a ghearr an t-Aire Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, an ribín ar an bhfoirgneamh breá nua agus nach muid a bhí bródúil.

Ón lá ar fhág na tógálaithe, Cuddy agus a chomhlacht, an láthair díreach roimh bhriseadh na Samhna anuraidh, go dtí lá na hoscailte is iomaí duine a tháinig i gcabhair orainn agus a d'oibrigh go dian, dícheallach ionas go mbeadh an áit chomh feistithe le fuinneog shiopa don lá mór.

Phéinteáil Danny de Bhailís, suaitheantas agus ainm na scoile ar na beanna; ghlan Paddy O'Toole an seanleac ar a raibh ainm na scoile agus rinne sé ceann nua go speisialta in onóir na hócáide. Bailíodh le chéile seanghrianghrafanna agus chuir Seosamh Ó Flatharta as an gCré Dhubh i bhfrámaí iad, agus b'fhiú go mór an trioblóid a fuair Tadhg Ó Conghaile agus Peadar Ó Cualáin, as an gCaisleán, á gcrochadh mar is iontu sin a bhí an spéis ag an slua mór de iarscoláirí a tháinig ar an lá. Tháinig meitheal de thuismitheoirí isteach agus d'iompar siad troscán, leabhra agus aon rud eile a theastaigh a aistriú ón seanfhoirgneamh; chroch siad cláracha agus seilfeanna agus ar an lá mór réitigh siad sóláistí don slua. Nár laga Dia iad!

Ó shin tá an carrchlós nua déanta taobh thiar de Halla na Tulaí agus cabhraíonn sé sin go mór le cuid den trácht a thógáil ó thosach an Halla. Cé go raibh a lán ag tarlú i dtimpeallacht na scoile, níor chuir sé isteach ar rannpháirtíocht na scoile i ndrámáíocht agus i gcomórtais peile, iománaíochta agus camógaíochta. D'éirigh le Rang 3 + 4, faoi stiúir an mhúinteora Bríd Bleasdale, Craobh na hÉireann a bhaint amach san Fhéile Náisiúnta Scoil drámáíochta leis an gCeoldráma, "Píobaire Hamelin".



Martina agus Joe Ó Conghaile, Scoil Cholm Cille, An Tulaigh, ag ócáid bronnta na nduaiseanna don Fhéile Náisiúnta Scoil drámáíochta i bPáirc an Chrócaigh. Ghlac siad an Corn thar ceann a ranga a bhain Craobh na hÉireann amach leis an gceoldráma, "Píobaire Hamelin".

Bhí an-bhliain go deo ag an bhfoireann Camógaíochta agus thug siad leo Corn TG4 agus Craobh Chumann na mBunscol.

Ar an 10ú lá d'Aibreán thug

Ranganna 5 + 6 a n-aghaidhe soir ar Shéipéal an Chnoic áit a chuir an tArdeaspag Mícheál Ó Néaraigh faoi lámh an Easpaig iad. Comhghairdeas ó chroí leo féin agus lena múinteoir, Cathal Ó Fríghil.

Tá súil againn, i rith na bliana atá romhainn amach, gairdín scoile a réiteach agus tabhairt faoin mBrat Glas. Freisin tá muid ag iarraidh Aonad Teanga a bhunú sa scoil ionas nach mbeidh ar ghasúir as ceantar Chonamara taisteal go dtí an Rinn Mhór chun cúnamh a fháil lena gcuid fadhbanna teanga. Táimid ag obair le leathbhliain ar an togra seo i dteannta ionadaithe ón Ionad Tacaíochta Teaghlaigh, An Cnoc, múinteoirí agus tuismitheoirí ach faraor tá roinnt mhaith constaicí le sárú againn fós.

Tá an t-ádh linn go bhfuil comhoibriú iontach idir an Bord Bainistíochta, na Múinteoirí agus na tuismitheoirí – chuile dhuine ar aon intinn agus gan ach leas na bpáistí ar an gclár acu. Ní neart go cur le chéile.

